II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1463 ÓN gCOIMISIÚN

**an 5 Lúnasa 2022**

**lena leagtar amach sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla an chórais theicniúil don mhalartú trasteorann uathoibrithe fianaise agus cur i bhfeidhm an phrionsabail "aonuaire" i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724, ceanglaítear ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, córas teicniúil a bhunú le haghaidh malartú fianaise de réir mar a cheanglaítear le haghaidh na nósanna imeachta ar líne a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus le haghaidh na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoracha 2005/36/CE ([2]), 2006/123/CE ([3]), 2014/24/AE ([4]) agus 2014/25/AE ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(2) I sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla an chórais theicniúil "aonuaire" (OOTS) atá sa Rialachán seo, ba cheart príomh-chomhpháirteanna ailtireacht OOTS a leagan amach agus ba cheart róil agus oibleagáidí teicniúla agus oibríochtúla an Choimisiúin, na mBallstát, iarrthóirí fianaise, soláthraithe fianaise agus ardán idirmheánacha a shainiú. Thairis sin ba cheart a bhunú leis na sonraíochtaí seo córas logaí chun faireachán a dhéanamh ar na malartuithe agus chun an fhreagracht as cothabháil, oibriú agus slándáil OOTS a leagan amach.

(3) Chun go bhféadfar OOTS a bhunú faoin dáta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1724, beartaítear an Rialachán seo a chomhlánú le doiciméid dearaidh theicniúil níos mionsonraithe, a bheidh neamhcheangailteach, arna dtarraingt suas ar bhealach comhthoiliúil ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit laistigh de ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana agus i gcomhréir leis na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme chlár oibre 2021-2022 i leith an Rialacháin maidir le pointe rochtana aonair digiteach. I gcás ina meastar gur gá sin, áfach, i bhfianaise forbairtí teicniúla nua nó plé nó difríochtaí tuairime laistigh de ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana, go háirithe maidir leis na doiciméid dearaidh theicniúil a thabhairt chun críche agus maidir le mór-

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 1.

([2]) Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

([3]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

([4]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([5]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

roghanna dearaidh, nó nuair is gá eilimintí áirithe de na doiciméid dearaidh theicniúil a dhéanamh ceangailteach, beifear in ann na sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlánú/leasú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2) de Rialachán (AE) 2018/1724.

(4) Chun laghdú a bhaint amach i dtaobh na gcostas agus an ama is gá chun OOTS a bhunú, ba cheart ailtireacht OOTS a bheith ag brath, a mhéid is féidir, ar réitigh in-athúsáidte, a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta cur chun feidhme de agus freastal ar réitigh náisiúnta éagsúla. Mar shampla, ba cheart do OOTS a bheith in ann úsáid a bhaint as na tairseacha nós imeachta, na seirbhísí sonraí nó na hardáin idirmheánacha atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an leibhéal lárnach, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil, ar cinn iad a bunaíodh le haghaidh úsáid náisiúnta. Ba cheart na comhpháirteanna arna bhforbairt ag an gCoimisiún a eisiúint faoi cheadúnas bogearraí oscailte lena gcuirtear chun cinn athúsáid agus comhar.

(5) Réiteach in-athúsáidte amháin den sórt sin arna fhorbairt ar leibhéal an Aontais is ea an córas nóid eIDAS a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501 ón gCoimisiún ([6]), lenar féidir, trí chumarsáid a chumasú le nóid eile de chuid líonra eIDAS, an iarraidh ar fhíordheimhniú trasteorann úsáideora a phróiseáil agus soláthar an fhíordheimhnithe sin a phróiseáil. Ba cheart do nóid eIDAS a chur ar an gcumas do na hiarrthóirí fianaise agus, i gcás inarb ábhartha, do na soláthraithe fianaise sainaithint a dhéanamh ar úsáideoirí a iarrfaidh fianaise lena malartú trí OOTS ionas go mbeidh soláthraithe fianaise in ann na sonraí sainaitheantais a mheaitseáil lena dtaifid atá ann cheana.

(6) Le OOTS, ba cheart cur leis an obair atá déanta cheana agus leas a bhaint as sineirgí le córais eile atá ann cheana chun fianaise nó faisnéis a mhalartú i measc údarás ar cinn iad is ábhartha do na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724, lena n-áirítear córais nach gcumhdaítear le hAirteagal 14(10) den Rialachán sin. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le sonraí i gclár feithiclí agus ceadúnas tiomána, ba cheart do OOTS samhlacha sonraí atá forbartha cheana féin a chur san áireamh agus, i gcás inarb indéanta, ba cheart droichid theicniúla a bhunú chun nasc a éascú idir OOTS agus údaráis inniúla a bhfuil líonraí eile atá ann cheana (RESPER ([7]) nó EUCARIS ([8])) á n-úsáid acu cheana, chun fianaise a sholáthar sna nósanna imeachta arna gcumhdach ag OOTS. Ba cheart leas a bhaint as cur chuige den chineál céanna i ndáil le córais eile amhail na cinn seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: Grúpa Úsáideoirí Emrex (EUG) ([9]) i réimse an oideachais, an Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) faoi Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) i réimse na slándála sóisialta, an Córas Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla arna bhunú le Cinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle ([11]) chun críocha comhar breithiúnach agus e-CERTIS ([12]) a úsáidtear i nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ba cheart an comhar idir na córais sin agus OOTS a shainiú ar bhonn cás ar chás.

(7) Chun críche fíordheimhniú trasteorann úsáideora, ba cheart ailtireacht OOTS a ailíniú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]). An 3 Meitheamh 2021, ghlac an Coimisiún Moladh maidir le Bosca Uirlisí coiteann don Aontas le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtreo Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach ([14]). Bunaítear leis an Moladh sin próiseas struchtúrtha le haghaidh comhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, oibreoirí san earnáil phríobháideach chun obair a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla an Chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach. Chun an t-ailíniú is gá idir an próiseas sin agus

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 maidir leis an gcreat idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 12(8) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 1).

([7]) Líonra ceadúnas tiomána arna bhunú ar bhonn Airteagal 15 de Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18).

([8]) Conradh i dtaobh Córas Eorpach Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána (EUCARIS), arna ghlacadh i Lucsamburg an 29 Meitheamh 2000.

([9]) Is líonra neamhspleách idirnáisiúnta é Grúpa Úsáideoirí Emrex (EUG) lena dtugtar le chéile gníomhaithe éagsúla ar suim leo inaistritheacht sonraí mac léinn a fheabhsú; https://emrex.eu/

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

([11]) Cinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 maidir le bunú an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS) agus Airteagal 11 de Chinneadh Réime 2009/315/CGB á chur i bhfeidhm (IO L 93, 7.4.2009, lch. 33).

([12]) https://ec.europa.eu/tools/ecertis/#/homePage

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

([14]) A trusted and secure European e-ID - Recommendation [Céannacht Dhigiteach Eorpach atá iontaofa, slán - Moladh] |Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (europa.eu)

OOTS a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar comhordú iomchuí, go háirithe tríd an nGrúpa Teagmhála maidir le Sineirgí agus Idir-inoibritheacht, idir an Líonra Comhair arna bhunú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/296 ón gCoimisiún ([15]) agus grúpa comhordaithe an phointe rochtana.

(8) Chun slándáil na ríomhsheirbhísí seachadta trasteorann a áirithiú chun críocha OOTS, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh na seirbhísí sin na ceanglais maidir le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe, a leagtar síos in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Chuige sin, is iomchuí go n-úsáidfidh OOTS Pointí Rochtana r-Sheachadta chun líonra nód a bhunú le haghaidh sonraí digiteacha a mhalartú go slán. Chomh maith le seachadadh slán trasteorann a chumasú, soláthraíonn r-Sheachadadh feidhmiúlachtaí seirbhíse meiteashonraí a d'fhéadfadh tacú le leaganacha de OOTS a bheidh ann amach anseo a mbeidh líon níos mó nód um malartú slán sonraí iontu. Faoin gcreat sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann soláthraithe a mbogearraí r-Sheachadta a roghnú.

(9) Chun solúbthacht a áirithiú i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh Pointe Rochtana r-Sheachadta amháin nó níos mó a bheith acu, mar chuid de OOTS. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstát a bheith in ann Pointe Rochtana aonair a chur i bhfeidhm lena mbainistítear an cur teachtaireachtaí r-Sheachadta go léir a bhaineann le OOTS chuig na hiarrthóirí fianaise nó na soláthraithe fianaise trí ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, nó, mar mhalairt air sin, roinnt Pointí Rochtana a chur i bhfeidhm ar aon leibhéal ordlathach nó i gcomhair réimsí nó earnálacha nó leibhéil gheografacha shonracha dá ranna riaracháin phoiblí.

(10) De réir dhlí an Aontais, lena n-áirítear Treoracha 2005/36/CE, 2006/123/CE, 2014/24/AE, 2014/25/AE agus Rialachán (AE) 2018/1724, tá nósanna imeachta riaracháin áirithe le cur ar fáil d'úsáideoirí ar líne. Ós rud é nach bhfuil na nósanna imeachta sin agus an fhianaise a cheanglaítear comhchuibhithe faoi dhlí an Aontais, ba cheart seirbhísí coiteanna a bhunú chun an malartú trasteorann fianaise a cheanglaítear le haghaidh na nósanna imeachta sin a chumasú trí OOTS.

(11) I gcás nach mbeidh aon chineál fianaise comhaontaithe ann atá comhchuibhithe ar fud an Aontais agus ar féidir leis na Ballstáit uile é a sholáthar, ba cheart do bhróicéir fianaise cuidiú lena chinneadh cé na cineálacha fianaise ar féidir glacadh leo le haghaidh nós imeachta ar leith.

(12) Ba cheart an bróicéir fianaise a bheith bunaithe ar ábhar rialacha arna sholáthar ag na Ballstáit agus ba cheart dó sásra ar líne a sholáthar do na Ballstáit chun a gceanglais faisnéise agus a dtacair cineálacha fianaise a chuardach. Ba cheart don bhróicéir fianaise a chur ar a gcumas do na Ballstáit faisnéis faoi rialacha a bhaineann le cineálacha fianaise a bhainistiú agus a chomhroinnt.

(13) I gcásanna ina mbeidh gá le hidir-inoibritheacht idir an tairseach nós imeachta agus na seirbhísí sonraí agus na seirbhísí coiteanna, ba cheart tacú leis sin le doiciméid dearaidh theicniúil.

(14) Ba cheart a shonrú sa Rialachán seo cathain a mheastar, i gcás píosaí fianaise struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha a cheanglaítear le haghaidh na nósanna imeachta a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724, gur cinn iad arna n-eisiúint go dleathach i bhformáid leictreonach a fhágann gur féidir malartú uathoibríoch a dhéanamh. Is féidir píosaí fianaise neamhstruchtúrtha arna n-eisiúint i bhformáid leictreonach a mhalartú trí OOTS má fhorlíontar iad leis na heilimintí meiteashonraí de shamhail chineálach meiteashonraí OOTS atá sa stór séimeantach dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo. Is féidir píosaí struchtúrtha fianaise a mhalartú trí OOTS má fhorlíontar iad leis na heilimintí meiteashonraí de shamhail chineálach meiteashonraí OOTS dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo agus má chomhlíonann siad samhail sonraí OOTS i leith an chineáil fianaise ábhartha mar a thagraítear di in Airteagal 7(2) den Rialachán seo nó má tá leagan atá inléite ag an duine ag gabháil leo.

([15]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/296 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2015 lena mbunaítear socruithe nós imeachta le haghaidh comhar idir na Ballstáit maidir le ríomh-shainaitheantas de bhun Airteagal 12(7) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 53.25.2.2015, lch. 14);

(15) Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit a chinneadh cén uair a thiontóidh siad píosaí fianaise go formáid leictreonach a fhágann gur féidir iad a mhalartú go huathoibríoch trí OOTS. Chun cur le háisiúlacht OOTS dá úsáideoirí, áfach, agus ós rud é gurb amhlaidh go ginearálta go moltar go láidir samhlacha sonraí agus scéimrí meiteashonraí a úsáid le haghaidh formáidí neamhstruchtúrtha agus formáidí struchtúrtha araon, ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh an sprioc sin a bhaint amach.

(16) Chun dúbláil a sheachaint, sineirgí a áirithiú agus rogha a sholáthar d'úsáideoirí, i gcás fhorbairt samhlacha sonraí OOTS le haghaidh cineálacha fianaise struchtúrtha agus caighdeánú cásanna úsáide chun dintiúir a sholáthar i gcomhréir leis an bpróiseas struchtúrtha dá bhforáiltear sa Mholadh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 maidir le Bosca Uirlisí coiteann don Aontas le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtreo Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach ([16]), ba cheart an fhorbairt agus an caighdeánú sin orthu a dhéanamh i ndlúthchomhar lena chéile agus iad a ailíniú le chéile a mhéid a bhaineann le fianaise a chumhdaítear le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1724, lena n-áirítear trí chásanna úsáide coiteanna a shainaithint. Trí shamhlacha sonraí OOTS agus na cásanna úsáide caighdeánaithe a ailíniú faoin Moladh thuasluaite ón gCoimisiún, ba cheart d'úsáideoirí a bheith in ann brath ar mhodhanna malartacha le haghaidh fianaise a sholáthar a chumhdaítear faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1724 ar bhealach atá neamhspleách ar OOTS nó i gcomhcheangal le OOTS. Nuair a dhéantar athruithe ar na samhlacha sonraí agus na scéimrí meiteashonraí le haghaidh píosaí fianaise atá sa stór séimeantach, ba cheart 12 mhí a thabhairt do na Ballstáit ón uair a ghlactar aon nuashonrú chun aon athruithe a chur i bhfeidhm ar na píosaí fianaise lena mbaineann.

(17) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an méid sonraí a mhalartófar, i gcás fianaise struchtúrtha, mura n-iarrtar ach fothacar sonraí san iarraidh ar fhianaise, d'fhéadfadh an soláthraí fianaise nó ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, scagadh uathoibrithe na sonraí a chumasú agus, i gcás inar gá sin chun na sonraí a aistriú, na sonraí a thrasfhoirmiú thar ceann an rialaitheora sonraí atá freagrach ionas nach malartófar ach na sonraí a iarradh.

(18) I gcás ina mbainisteoidh na Ballstáit clárlanna agus seirbhísí náisiúnta a bhfuil an ról céanna acu atá ag an eolaire seirbhísí sonraí nó ag an mbróicéir fianaise, nó ról coibhéiseach, níor cheart a cheangal orthu a gcuid oibre a dhúbailt trí rannchuidiú leis na seirbhísí coiteanna ábhartha. I gcás den sórt sin, áfach, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil a gcuid seirbhísí náisiúnta nasctha leis na seirbhísí coiteanna ar bhealach a fhágann gur féidir le Ballstáit eile iad a úsáid. Mar mhalairt air sin, ba cheart do na Ballstáit sin a bheith in ann na sonraí ábhartha a chóipeáil ó na clárlanna nó na seirbhísí náisiúnta chuig an eolaire seirbhísí sonraí nó chuig an mbróicéir fianaise.

(19) I nDearbhú Thaillinn maidir le ríomh-Rialtas ([17]), a rinneadh in 2017, d'athdhearbhaigh na Ballstáit a ngealltanas dul chun cinn a dhéanamh maidir lena ríomh-Sheirbhísí poiblí a nascadh agus an prionsabal aonuaire a chur chun feidhme chun seirbhísí poiblí digiteacha atá éifeachtach, slán a sholáthar, rud a fhágfaidh go mbeidh saol níos éasca ag saoránaigh agus gnólachtaí. I nDearbhú Bheirlín maidir leis an tSochaí Dhigiteach agus an Rialtas Digiteach atá bunaithe ar Luach ([18]), a rinneadh in 2020, cuireadh leis na prionsabail a bhaineann le díriú ar úsáideoirí agus áisiúlacht don úsáideoir, agus leagadh amach ann a thuilleadh príomhphrionsabal ar cheart seirbhísí poiblí digiteacha a bhunú orthu, lena n-áirítear iontaoibh agus slándáil in idirghníomhaíochtaí digiteacha rialtais agus ceannasacht dhigiteach agus idir-inoibritheacht. Ba cheart na gealltanais sin a chur chun feidhme sa Rialachán seo trí úsáideoirí a chur i gcroílár an chórais agus trína cheangal go gcuirfí úsáideoirí ar an eolas maidir le OOTS, na céimeanna a bhaineann leis agus na hiarmhairtí a bhaineann leis an gcóras a úsáid.

(20) Tá sé tábhachtach córas iomchuí a bheith i bhfeidhm ionas gur féidir le húsáideoirí iad féin a shainaithint chun críocha malartú fianaise. Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 an t-aon chreat sainaitheantais fhrithphháirtigh do mhodhanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarrthóirí fianaise leas a bhaint as modhanna ríomh-shainaitheantais arna n-eisiúint faoi scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir leis an Rialachán sin chun céannacht úsáideora a fhíordheimhniú sula n-iarrfaidh an t-úsáideoir go sainráite go n-úsáidfear OOTS. I gcás ina n-éilíonn sainaithint an tsoláthraí fianaise ábhartha go soláthrófar saintréithe seachas saintréithe éigeantacha an tacair sonraí íosta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501, ba cheart don iarrthóir fianaise na saintréithe breise sin a iarraidh ar an úsáideoir freisin agus ba cheart iad a sholáthar don soláthraí fianaise nó don ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, mar chuid den iarraidh ar fhianaise.

([16]) IO L 210, 14.6.2021, lch. 51.
([17]) Arna shíniú an 6 Deireadh Fómhair 2017, https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/ministerial-declaration-egovernment-tallinn-declaration
([18]) Arna shíniú an 8 Nollaig 2020; https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/berlin-declaration-digital-society-and-value-based-digital-government

(21) I gcás cuid de na nósanna imeachta a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724, ceanglaítear gur féidir fianaise a iarraidh thar ceann duine dlítheanach nó nádúrtha. Mar shampla, tá nósanna imeachta áirithe ábhartha do ghnólachtaí agus dá bhrí sin ba cheart d'fhiontraithe a bheith in ann malartú fianaise a iarraidh ar a son féin nó trí ionadaí. Le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, soláthraítear creat dlíthiúil iontaofa le haghaidh modhanna ríomh-shainaitheantais a eisítear do dhaoine dlítheanacha nó do dhaoine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht do dhaoine dlítheanacha. Tá feidhm ag aitheantas frithpháirteach modhanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta faoin Rialachán sin maidir leis na cásanna ionadaíochta sin. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith ag brath ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus ar aon ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, maidir le sainaithint úsáideoirí i gcásanna ionadaíochta. Ba cheart do ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana agus a fhoghrúpaí oibriú i ndlúthchomhar leis na struchtúir rialachais arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun cabhrú le réitigh a fhorbairt le haghaidh cumhachtaí ionadaíochta agus sainorduithe. Ós rud é go raibh cuid de na nósanna imeachta arna gcumhdach ag OOTS ag brath ar an gcreat arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ba cheart é a bheith indéanta freisin píosaí fianaise arna n-iarraidh ag ionadaithe a phróiseáil trí OOTS tráth a dtiocfar ar na réitigh sin agus a mhéid a dtiocfar orthu.

(22) Chun an t-am agus an costas a bhaineann le cur chun feidhme OOTS a laghdú, agus chun tairbhe a bhaint as taithí a chéile ar chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit agus comhar a chothú eatarthu maidir le réitigh theicniúla agus comhpháirteanna in-athúsáidte a fhorbairt is féidir a úsáid chun tairseacha nós imeachta náisiúnta, spásanna réamhamhairc agus seirbhísí sonraí a chur chun feidhme.

(23) Chun a ráthú go mbeidh smacht i gcónaí ag úsáideoirí ar a gcuid sonraí pearsanta agus iad ag úsáid OOTS mar a fhoráiltear dó i Rialachán (AE) 2018/1724, ba cheart do OOTS a fhágáil go mbeidh ar chumas úsáideoirí a gcinneadh maidir leis na sonraí sin a chur in iúl in dhá chás. Ar an gcéad dul síos, ba cheart a áirithiú go bhfaighidh úsáideoirí dóthain faisnéise lena chur ar a gcumas dóibh iarraidh fheasach, shainráite a dhéanamh a n-iarraidh ar fhianaise a phróiseáil trí OOTS i gcomhréir le hAirteagal 14(3), pointe (a), agus Airteagal 14(4), de Rialachán (AE) 2018/1724. Ba cheart a áirithiú ansin gur féidir leo féachaint ar an bhfianaise atá le malartú i spás slán réamhamhairc sula gcinnfidh siad cé acu an rachaidh siad ar aghaidh leis an malartú fianaise i gcomhréir le hAirteagal 14(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1724, nó nach rachaidh, seachas sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(5) den Rialachán sin.

(24) Comhroinntear an fhreagracht as bunú OOTS idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus dá bhrí sin ba cheart ról lárnach a bheith ag grúpa comhordaithe an phointe rochtana i rialachas an chórais. I bhfianaise chineál teicniúil a chuid oibre agus chun cur chun feidhme doiciméid dearaidh theicniúil a éascú sna córais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart do shaineolaithe tacú le hobair ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana agus í a ullmhú, agus na saineolaithe sin ag teacht le chéile i bhfoghrúpa amháin nó i roinnt foghrúpaí arna bhunú nó arna mbunú i gcomhréir lena rialacha nós imeachta. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an rialachais sin ar OOTS sa tuarascáil a cheanglaítear ar an gCoimisiún a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 12 Nollaig 2022 de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1724.

(25) Chun freagairt thapa a áirithiú d'aon teagmhais fhéideartha agus agaí neamhfhónaimh féideartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú OOTS, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún líonra pointí teagmhála um thacaíocht theicniúil a bhunú. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh OOTS mar is cuí, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag na pointí teagmhála sin um thacaíocht theicniúil chun a chur ar a gcumas dóibh a gcuid cúraimí a dhéanamh, agus acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a bheith acu chuige sin.

(26) Chun feidhmiú éifeachtúil OOTS agus cothabháil éifeachtúil air a áirithiú, ba cheart na freagrachtaí as a chomhpháirteanna éagsúla a dháileadh go soiléir. Ba cheart don Choimisiún, ina cháil mar úinéir agus oibreoir na seirbhísí coiteanna, a bheith freagrach as a gcothabháil, a n-óstáil agus a slándáil. Ba cheart do gach Ballstát a bheith freagrach as cothabháil agus slándáil a áirithiú i gcás na gcomhpháirteanna sin de OOTS a bhfuil úinéireacht acu orthu agus a bhfuil siad freagrach astu, amhail nóid eIDAS, Pointí Rochtana r-Sheachadta nó clárlanna náisiúnta, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta.

(27) Chun cosaint iomchuí sonraí pearsanta a áirithiú, mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), ba cheart a shonrú sa Rialachán seo ról na mBallstát, go háirithe ról na n-údarás inniúil faoi seach ina gcáil mar iarrthóir fianaise nó mar sholáthraí fianaise, agus ról na n-ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, i ndáil leis na sonraí pearsanta atá san fhianaise a mhalartaítear trí OOTS.

(28) Chun a áirithiú go gcosnófar na seirbhísí coiteanna ar bhagairtí féideartha a dhéanann dochar do rúndacht, do shláine nó d'infhaighteacht chórais cumarsáide agus faisnéise an Choimisiúin, ba cheart feidhm a bheith ag Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún ([20]) maidir leis na seirbhísí sin.

(29) Beidh feidhm ag Airteagal 14(1) go (8) agus (10) de Rialachán (AE) 2018/1724 ón 12 Nollaig 2023. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo ón dáta sin freisin.

(30) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) agus thug sé Barúlacha Foirmiúla an 6 Bealtaine 2021 ([22]).

(31) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Phointe Rochtana Aonair Digiteach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

ROINN 1

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "córas teicniúil aonuaire" ("OOTS") an córas teicniúil don mhalartú trasteorann uathoibrithe fianaise dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724;

(2) ciallaíonn "soláthraí fianaise" údarás inniúil mar a thagraítear dó in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1724 a eisíonn fianaise struchtúrtha nó fianaise neamhstruchtúrtha go dleathach;

(3) ciallaíonn "iarrthóir fianaise" údarás inniúil atá freagrach as ceann amháin nó níos mó de na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724;

(4) ciallaíonn "Pointe Rochtana r-Sheachadta" comhpháirt chumarsáide ar cuid í den tseirbhís seachadta leictreonaigh r-Sheachadta atá bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla agus ar chaighdeáin, lena n-áirítear prótacal teachtaireachtaí AS4 agus na seirbhísí coimhdeacha a forbraíodh faoi Chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa agus ar leanadh ar aghaidh leo faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, a mhéid atá forluí ann idir na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin sin agus caighdeán ISO 15000-2;

([19]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([20]) Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

([21]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([22]) https://edps.europa.eu/data-protection/our-work/publications/formal-comments/draft-commission-implementing-regulation-4_en

(5) ciallaíonn "nód eIDAS" nód mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501, ar nód é a chomhlíonann na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla a leagtar síos sa Rialachán sin agus ar bhonn an Rialacháin sin;

(6) ciallaíonn "ardán idirmheánach" réiteach teicniúil a ghníomhaíonn ina cháil féin nó thar ceann eintitis eile amhail soláthraithe fianaise nó iarrthóirí fianaise, ag brath ar eagraíocht riaracháin na mBallstát ina bhfeidhmíonn an t-ardán idirmheánach, agus trína ndéanann soláthraithe fianaise nó iarrthóirí fianaise nasc leis na seirbhísí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó le soláthraithe fianaise nó iarrthóirí fianaise ó Bhallstáit eile;

(7) ciallaíonn "eolaire seirbhísí sonraí" clárlann ina bhfuil liosta soláthraithe fianaise agus na cineálacha fianaise a eisíonn siad mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha a ghabhann leis;

(8) ciallaíonn "bróicéir fianaise" seirbhís lena gcuirtear ar a chumas d'iarrthóir fianaise a chinneadh cén cineál fianaise ó Bhallstát eile a chomhlíonann an ceanglas fianaise chun críocha nós imeachta náisiúnta;

(9) ciallaíonn "modh ríomh-shainaitheantais" aonad ábhartha agus/nó neamhábhartha ina bhfuil sonraí sainaitheantais duine, a mbaintear úsáid as chun seirbhís ar líne a fhíordheimhniú;

(10) ciallaíonn "stór séimeantach" bailiúchán sonraíochtaí séimeantacha atá nasctha leis an mbróicéir fianaise agus leis an eolaire seirbhísí sonraí, atá comhdhéanta de shainmhínithe ar ainmneacha, ar chineálacha sonraí agus ar eilimintí sonraí a bhaineann le cineálacha sonracha fianaise chun comhthuiscint agus léirmhíniú trastheangach a áirithiú do sholáthraithe fianaise, d'iarrthóirí fianaise agus d'úsáideoirí, nuair a bheidh fianaise á malartú trí OOTS;

(11) ciallaíonn "doiciméid dearaidh theicniúil" sraith doiciméad teicniúil mionsonraithe, neamhcheangailteach, arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit faoi chuimsiú ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1724 nó aon fhoghrúpaí dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán seo, lena n-áirítear ailtireacht ardleibhéil, prótacail mhalartaithe, caighdeáin agus seirbhísí coimhdeacha lena dtacaítear leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit, le soláthraithe fianaise, le hiarrthóirí fianaise, le hardáin idirmheánacha agus le heintitis eile lena mbaineann chun OOTS a bhunú i gcomhlíonadh an Rialacháin seo, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin;

(12) ciallaíonn "seirbhís sonraí" seirbhís theicniúil trína láimhseálann soláthraí fianaise na hiarrataí ar fhianaise agus trína seolann sé fianaise;

(13) ciallaíonn "samhail sonraí" struchtúr teibí ina n-eagraítear eilimintí sonraí, ina ndéantar caighdeánú ar an gcaoi a mbaineann siad lena chéile agus ina sonraítear na heintitis, a saintréithe agus an gaol idir na heintitis sin;

(14) ciallaíonn "spás réamhamhairc" feidhmiúlacht lena gcuirtear ar a chumas don úsáideoir réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise arna iarraidh mar a thagraítear dó in Airteagal 15(1), pointe (b)(ii);

(15) ciallaíonn "fianaise struchtúrtha" aon fhianaise i bhformáid leictreonach a cheanglaítear le haghaidh na nósanna imeachta a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724 atá eagraithe in eilimintí nó réimsí réamhshainithe a bhfuil brí shonrach agus formáid theicniúil shonrach acu a fhágann gur féidir le córais bogearraí próiseáil a dhéanamh uirthi, arna forlíonadh ag na heilimintí meiteashonraí de shamhail chineálach meiteashonraí OOTS dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo agus atá i gcomhréir le samhail sonraí OOTS don chineál fianaise ábhartha mar a thagraítear di in Airteagal 7(2) den Rialachán seo, nó a bhfuil leagan atá inléite ag an duine ag gabháil léi;

(16) ciallaíonn "fianaise neamhstruchtúrtha" fianaise i bhformáid leictreonach a cheanglaítear le haghaidh na nósanna imeachta a liostaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724 nach bhfuil eagraithe in eilimintí nó réimsí réamhshainithe a bhfuil brí shonrach agus formáid theicniúil shonrach acu, ach a fhorlíontar ag na heilimintí meiteashonraí de shamhail chineálach meiteashonraí OOTS dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo;

(17) ciallaíonn "cineál fianaise" catagóir d'fhianaise struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha a bhfuil cuspóir coiteann nó inneachar coiteann aici;

(18) ciallaíonn "teagmhas" cás nach mbeidh OOTS ag feidhmiú, nach ndéanfaidh sé an fhianaise a tharchur nó ina dtarchuirfidh sé fianaise nár iarradh, nó inar athraíodh an fhianaise nó inar nochtadh an fhianaise le linn an tarchuir, chomh maith le haon sárú slándála dá dtagraítear in Airteagal 29;

(19) ciallaíonn "tairseach nós imeachta" leathanach gréasáin nó feidhmchlár móibíleach ar a mbeidh úsáideoir in ann nós imeachta ar líne dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724 a rochtain agus a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

**Struchtúr OOTS**

Cuimseofar le OOTS an méid seo a leanas:

(a) tairseacha nós imeachta de chuid iarrthóirí fianaise agus seirbhísí sonraí de chuid soláthraithe fianaise;

(b) ardáin idirmheánacha, i gcás inarb ábhartha;

(c) na spásanna réamhamhairc dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (b)(ii);

(d) na clárlanna agus na seirbhísí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8, i gcás inarb ábhartha;

(e) nóid eIDAS chun úsáideoirí a fhíordheimhniú agus céannacht a mheaitseáil;

(f) Pointí Rochtana r-Sheachadta;

(g) na seirbhísí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(h) na heilimintí comhtháthaithe agus na comhéadain is gá chun na comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointe (a) go (g) a nascadh.

ROINN 2

**SEIRBHÍSÍ OOTS**

*Airteagal 3*

**nóid eIDAS agus Pointí Rochtana r-Sheachadta**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iarrthóirí fianaise a nascadh le nód eIDAS ionas gur féidir fíordheimhniú úsáideora a dhéanamh de bhun Airteagal 11, ar bhonn díreach nó trí ardán idirmheánach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar Pointí Rochtana r-Sheachadta a shuiteáil, a chumrú agus a chomhtháthú sna tairseacha nós imeachta de chuid iarrthóirí fianaise, i seirbhísí sonraí de chuid soláthraithe fianaise agus in ardáin idirmheánacha.

3. Féadfaidh na Ballstáit líon na bPointí Rochtana r-Sheachadta a úsáidfidh siad do OOTS a roghnú.

*Airteagal 4*

**Seirbhísí coiteanna**

1. Bunóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na seirbhísí seo a leanas de chuid OOTS ("seirbhísí coiteanna"):

(a) an t-eolaire seirbhísí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5;

(b) an bróicéir fianaise dá dtagraítear in Airteagal 6;

(c) an stór séimeantach dá dtagraítear in Airteagal 7.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nasc teicniúil idir tairseacha nós imeachta de chuid iarrthóirí fianaise, ar bhonn díreach nó trí ardáin idirmheánacha, agus na seirbhísí coiteanna agus go ndéanfar clárú cuí ar a seirbhísí sonraí sna seirbhísí coiteanna. Agus na naisc sin á gcur chun feidhme, beidh na tuairiscí sna doiciméid dearaidh theicniúil ina dtreoir ag na Ballstáit.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar ach iarrthóirí fianaise a nascadh, ar bhonn díreach nó trí ardáin idirmheánacha, leis na seirbhísí coiteanna agus nach mbeidh ach iarrthóirí fianaise agus soláthraithe fianaise in ann OOTS a úsáid. Déanfaidh na Ballstáit feidhmiú na nasc leis na seirbhísí coiteanna a sheiceáil go tráthrialta.

*Airteagal 5*

**Eolaire seirbhísí sonraí**

1. Gan dochar d'Airteagal 8 den Rialachán seo, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás gach soláthraí fianaise agus gach cineáil fianaise a eiseoidh siad agus atá ábhartha do na nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2018/1724, go ndéanfar iad a chlárú san eolaire seirbhísí sonraí.

2. Beidh an Coimisiún freagrach as comhéadain a fhorbairt agus a chothabháil lena gcuirfear ar a gcumas do chomhordaitheoirí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1724, d'údaráis inniúla, d'ardáin idirmheánacha i gcás inarb infheidhme, agus don Choimisiún, agus iad uile faoi raon feidhme a bhfreagrachtaí agus laistigh de theorainneacha na gceart rochtana arna sainiú ag an gCoimisiún, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) clárú, díchlárú agus aon nuashonruithe eile ar fhaisnéis atá san eolaire seirbhíse sonraí a chur i gcrích;

(b) bainistiú a dhéanamh ar chearta rochtana daoine atá údaraithe clárúcháin a dhéanamh agus athruithe a dhéanamh ar na sonraí cláraithe.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhordaitheoirí náisiúnta, údaráis inniúla agus ardáin idirmheánacha in ann rogha a dhéanamh idir comhéadain ghrafacha úsáideoirí i gcomhair daoine údaraithe agus comhéadain chláir i gcomhair uaslódálacha uathoibrithe.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an méid seo a leanas ag gabháil le gach cineál fianaise a chlárófar san eolaire seirbhísí sonraí:

(a) leibhéal dearbhaithe na modhanna ríomh-shainaitheantais ar thug na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014; agus

(b) i gcás inarb infheidhme, saintréithe breise, a shonraítear chun sainaithint an tsoláthraí fianaise ábhartha a éascú agus a théann níos faide ná saintréithe éigeantacha an tacair sonraí íosta a leagtar síos i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501, a mhalartaítear trí úsáid a bhaint as na modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, is gá chun í a mhalartú trí OOTS.

4. Déanfar idirdhealú soiléir san eolaire seirbhísí sonraí idir na saintréithe breise dá dtagraítear i mír 3, pointe (b), den Airteagal seo agus na saintréithe a mhalartaítear trí úsáid a bhaint as na modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (f) den Rialachán seo.

5. An leibhéal dearbhaithe dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), agus a cheanglaítear i gcomhair úsáideoirí trasteorann, ní bheidh sé níos airde ná an leibhéal dearbhaithe a cheanglaítear i gcomhair úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoimeádfar cothrom le dáta an fhaisnéis atá san eolaire seirbhísí sonraí.

*Airteagal 6*

**Bróicéir fianaise**

1. Cuirfidh an bróicéir fianaise ar a gcumas d'iarrthóirí fianaise a chinneadh cé na cineálacha fianaise arna n-eisiúint i mBallstáit eile a fhreagraíonn do na cineálacha fianaise a cheanglaítear i gcomhthéacs nósanna imeachta a bhfuil an t-iarrthóir fianaise sin inniúil ina leith.

2. Déanfaidh na Ballstáit, tríd an gcomhéadan dá dtagraítear in Airteagal 5(2), liosta na gcineálacha fianaise atá san eolaire seirbhísí sonraí mar a thagraítear dó in Airteagal 5(1) a chomhlánú leis na fíorais nó le comhlíonadh na gceanglas nós imeachta arna gcruthú acu, rud a d'fhéadfadh a bheith i gcomhpháirt le cineálacha eile fianaise, más gá. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis sin cruinn agus go gcoimeádfar cothrom le dáta í.

3. Beidh an Coimisiún freagrach as comhéadain a fhorbairt agus a chothabháil lena gcuirfear ar a gcumas do chomhordaitheoirí náisiúnta, d'údaráis inniúla, d'ardáin idirmheánacha i gcás inarb infheidhme, agus don Choimisiún, agus iad uile faoi raon feidhme a bhfreagrachtaí agus laistigh de theorainneacha na gceart rochtana arna sainiú ag an gCoimisiún, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur leis, a athrú agus a nuashonrú;

(b) bainistiú a dhéanamh ar chearta rochtana na ndaoine atá údaraithe breisithe agus athruithe a dhéanamh ar an bhfaisnéis chláraithe.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhordaitheoirí náisiúnta, údaráis inniúla agus ardáin idirmheánacha in ann rogha a dhéanamh idir comhéadain ghrafacha úsáideoirí i gcomhair daoine údaraithe agus comhéadain chláir i gcomhair uaslódálacha uathoibrithe.

4. Déanfaidh an Coimisiún éascaíocht do mhapáil na gcineálacha fianaise a eisítear i mBallstát amháin ar fhíorais nó comhlíonadh ceanglas nós imeachta nach mór a chruthú i nós imeachta i mBallstát eile tríd an bplé a struchtúrú agus tríd an obair a eagrú san fhoghrúpa ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 19. Leagfaidh an foghrúpa amach teanga fhoirmiúil a bhaineann go sonrach le réimse ar leith, agus tagairt á déanamh aige nuair is féidir é do chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, agus molfaidh sé an teanga sin do ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana i gcomhréir le hAirteagal 18, pointe (f).

*Airteagal 7*

**Stór séimeantach agus samhlacha sonraí**

1. Leis an stór séimeantach, soláthrófar rochtain ar shamhail chineálach meiteashonraí OOTS, arna dearadh chun meiteashonraí a thaispeáint lena sainaithnítear go huathúil an fhianaise agus an soláthraí fianaise agus lena n-áirítear réimsí breise arna ndearadh chun na meiteashonraí dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointí (a), (b) agus (c), a thaispeáint.

2. I gcás na gcineálacha fianaise struchtúrtha arna gcomhaontú i ngrúpa comhordaithe an phointe rochtana, beidh samhail sonraí OOTS sa stór lárnach séimeantach ina mbeidh ar a laghad na comhpháirteanna seo a leanas:

(a) léiriú ar an tsamhail sonraí sin le:

  (i) léaráid amhairc den tsamhail sonraí; agus

  (ii) tuairisc théacsúil ar eintitis uile na samhla sonraí, lena gcuimseofar sainiú ar an eintiteas agus liosta saintréithe an eintitis; agus, maidir le gach saintréith, an cineál a bhfuil súil leis (e.g. cineál Boole, Aitheantóir, Dáta), sainiú, bunuimhreacht agus úsáid roghnach liosta cód;

(b) dáileacháin in XML bunaithe ar shainiú scéimre XML (XSD), nó formáid chomhionann, arna gcomhlánú ag formáidí srathaithe eile a úsáidtear go forleathan, i gcás inarb indéanta é;

(c) códliostaí chun uathphróiseáil fianaise a áirithiú, agus iad ar fáil i bhformáid struchtúrtha;

(d) sásra chun tiontú go dtí formáid atá inléite ag an duine, amhail.XSLT nó a choibhéis.

3. I gcás gach cineáil fianaise, cuirfear ar fáil sa stór séimeantach rialú leaganacha agus loga athruithe chun leaganacha éagsúla a rianú.

4. Beidh modheolaíocht sa stór séimeantach chun samhlacha nua sonraí OOTS a fhorbairt le haghaidh cineálacha fianaise a mhalartaítear trí OOTS, i bhfoirm samplaí agus ábhair foghlama.

5. Maidir le sceidil le haghaidh nuashonruithe agus oiriúnuithe ar shamhlacha cineálacha meiteashonraí OOTS agus ar shamhlacha sonraí OOTS, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún iad a phlé go tráthrialta faoi chuimsiú ceann de na foghrúpaí de ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana dá dtagraítear in Airteagal 19 agus arna nglacadh ag grúpa comhordaithe an phointe rochtana. Déanfaidh na soláthraithe fianaise nó na hardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, na nuashonruithe agus na hoiriúnuithe sin a chur i bhfeidhm 12 mhí ar a dhéanaí tar éis a bhfoilsithe sa stór séimeantach.

6. Soláthróidh an Coimisiún uirlis TF do na Ballstáit a chuideoidh leo a fhíorú go gcomhlíonann an fhianaise samhail chineálach meiteashonraí OOTS agus samhlacha sonraí OOTS.

7. Cuirfidh an Coimisiún an stór séimeantach ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin tiomnaithe de chuid an Choimisiúin.

*Airteagal 8*

**Clárlanna agus seirbhísí náisiúnta**

1. I gcás Ballstáit a bhfuil clárlanna náisiúnta nó seirbhísí náisiúnta acu atá coibhéiseach leis an eolaire seirbhísí sonraí nó leis an mbróicéir fianaise, féadfaidh siad a roghnú gan clárú a dhéanamh ar sholáthraithe fianaise, ar na cineálacha fianaise a eisíonn siad agus ar na fíorais nó comhlíonadh na gceanglas nós imeachta a chruthaíonn siad, rud a d'fhéadfadh a bheith i gcomhpháirt le cineálacha eile fianaise, ná leibhéal dearbhaithe na modhanna ríomh-shainaitheantais is gá chun rochtain a fháil ar gach cineál fianaise mar a fhoráiltear dó in Airteagail 5 agus 6. I gcás den sórt sin, déanfaidh siad ceann de na nithe seo a leanas ina ionad sin:

(a) cead a thabhairt do Bhallstáit eile cuardach a dhéanamh ar a gclárlanna náisiúnta chun an fhaisnéis dá dtagraítear faoin mír seo a fháil;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear faoin mír seo a chóipeáil ó na clárlanna náisiúnta nó ó na seirbhísí náisiúnta chuig an eolaire seirbhísí sonraí nó chuig an mbróicéir fianaise.

2. Agus mír 1 á cur chun feidhme, beidh na tuairiscí atá sna doiciméid dearaidh theicniúil ina dtreoir ag na Ballstáit.

ROINN 3

**IARRTHÓIRÍ FIANAISE**

*Airteagal 9*

**Míniú d'úsáideoirí**

1. Áiritheoidh iarrthóirí fianaise go mbeidh míniú ar OOTS agus ar a ghnéithe ar a dtairseacha nós imeachta, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(a) is ar bhonn deonach a úsáidtear OOTS;

(b) tá sé de rogha ag úsáideoirí réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise sa spás réamhamhairc dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (b)(ii), agus cinneadh a dhéanamh í a úsáid don nós imeachta nó gan í a úsáid;

(c) is féidir le húsáideoirí gníomhú thar a gceann féin nó is féidir le duine dlítheanach nó nádúrtha eile ionadaíocht a dhéanamh dóibh, nuair a aimseofar agus a mhéid a aimseofar réitigh ionadaíochta, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus le haon ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn.

Ní éileofar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo i gcás na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724.

2. An oibleagáid i dtaobh mínithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a sholáthar, beidh sí gan dochar don oibleagáid an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679 a sholáthar do na daoine is ábhar do na sonraí.

*Airteagal 10*

**Cineál na fianaise a roghnú**

1. Tabharfaidh iarrthóirí fianaise an deis d'úsáideoirí na cineálacha fianaise a iarraidh a fhreagraíonn, bunaithe ar an bhfaisnéis atá cláraithe sa bhróicéir fianaise, do chineálacha a bheadh inghlactha faoin dlí is infheidhme sa nós imeachta ábhartha trí chur isteach díreach, ar choinníoll go gcuirfidh soláthraithe fianaise na cineálacha sin fianaise ar fáil trí OOTS i gcomhréir le hAirteagal 5(1).

2. Más féidir roinnt píosaí fianaise a iarraidh, áiritheoidh an t-iarrthóir fianaise go mbeidh úsáideoirí in ann an fhianaise go léir, fothacar den fhianaise nó cineál sonrach den fhianaise a roghnú.

*Airteagal 11*

**Fíordheimhniú úsáideora**

1. Beidh iarrthóirí fianaise ag brath ar mhodhanna ríomh-shainaitheantais arna n-eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun na húsáideoirí a fhíordheimhniú, ag gníomhú dóibh thar a gceann féin nó trí ionadaí, nuair a aimseofar agus a mhéid a aimseofar réitigh ionadaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus le haon ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn.

2. Nuair a bheidh an cineál fianaise atá le malartú trí OOTS roghnaithe ag an úsáideoir, cuirfidh na hiarrthóirí fianaise na húsáideoirí ar an eolas:

(a) i gcás inarb infheidhme, faoi aon saintréithe breise dá dtagraítear in Airteagal 5(3), pointe (b), den Rialachán seo atá le soláthar acu; agus

(b) go ndéanfar iad a atreorú chuig an soláthraí fianaise ábhartha, chuig na soláthraithe fianaise ábhartha nó, i gcás inarb infheidhme, chuig ardán idirmheánach nó ardáin idirmheánacha, chun réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise arna roghnú.

3. I gcás nach gá réamhamharc i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724, ní bheidh feidhm ag mír 2, pointe (b) den Airteagal seo. Sa chás sin, féadfaidh an soláthraí fianaise, na soláthraithe fianaise nó, i gcás inarb infheidhme, an t-ardán idirmheánach nó na hardáin idirmheánacha, iarraidh ar an iarrthóir fianaise an t-úsáideoir a atreorú chun sainaithint agus fíordheimhniú a dhéanamh athuair chun críocha meaitseáil céannachta agus fianaise. D'fhéadfadh sé go roghnóidh an t-úsáideoir nach ndéanfar é nó í a atreorú. Sa chás sin, cuirfidh an t-iarrthóir fianaise an t-úsáideoir ar an eolas go bhféadfadh sé nach mbeadh meaits mar a thagraítear dó in Airteagal 16 den Rialachán seo ina thoradh ar an bpróiseas meaitseála céannachta agus fianaise arna dhéanamh ag an soláthraí fianaise.

*Airteagal 12*

**Iarraidh shainráite**

Déanfaidh an t-iarrthóir fianaise, sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9, an méid seo a leanas a sholáthar don úsáideoir:

(a) ainm an tsoláthraí fianaise nó ainmneacha na soláthraithe fianaise;

(b) an cineál fianaise nó na cineálacha fianaise atá le malartú nó na réimsí sonraí atá le malartú.

Tá an tAirteagal seo gan dochar do na cásanna ina gceadaítear OOTS a úsáid gan iarraidh shainráite i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2018/1724.

*Airteagal 13*

**Iarraidh ar fhianaise**

1. Áiritheoidh an t-iarrthóir fianaise go ndéanfar an iarraidh ar fhianaise a tharchur chuig an soláthraí fianaise nó chuig an ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, agus go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas inti:

(a) sainaitheantóir uathúil na hiarrata;

(b) an cineál fianaise atá á hiarraidh;

(c) an dáta agus an t-am a ndearnadh an iarraidh shainráite;

(d) sainaithint an nós imeachta a gceanglaítear an fhianaise ina leith;

(e) ainm agus meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil an t-iarrthóir fianaise agus an t-ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme;

(f) saintréithe an úsáideora, nó saintréithe an úsáideora agus an ionadaí i gcás inarb infheidhme, arna malartú trí úsáid a bhaint as an modh ríomh-shainaitheantais dá dtagraítear in Airteagal 11(1);

(g) leibhéal dearbhaithe, mar a shainítear é i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, na modhanna ríomh-shainaitheantais arna n-úsáid ag an úsáideoir;

(h) na saintréithe breise, dá dtagraítear in Airteagal 5(3), pointe (b), arna soláthar ag an úsáideoir chun críche na hiarrata;

(i) céannacht an tsoláthraí fianaise mar atá cláraithe san eolaire seirbhísí sonraí;

(j) ar ceanglaíodh iarraidh shainráite an úsáideora i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2018/1724;

(k) an gceanglaítear deis a bheith ann réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724.

2. Déanfaidh an t-iarrthóir fianaise idirdhealú soiléir idir na saintréithe breise dá dtagraítear i mír 1, pointe (h), agus na saintréithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (f).

*Airteagal 14*

**Atreorú úsáideora chuig an soláthraí fianaise**

1. Gan dochar do na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724, áiritheoidh iarrthóirí fianaise i ndáil le húsáideoirí, tar éis dóibh an fhianaise a bheidh le malartú trí OOTS a roghnú sa tairseach nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo agus tar éis dóibh a n-iarraidh shainráite a lua i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo, go ndéanfar iad a atreorú chuig an soláthraí fianaise, chuig na soláthraithe fianaise nó chuig an ardán idirmheánach nó na hardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, chun an rogha a fheidhmiú i dtaobh réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise.

2. I gcás na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724, is féidir úsáideoirí a atreorú chuig an soláthraí fianaise, soláthraithe fianaise nó ardán idirmheánach nó ardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den Rialachán seo.

ROINN 4

**SOLÁTHRAITHE FIANAISE**

*Airteagal 15*

**Ról i dtaobh malartú fianaise**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críche an mhalartaithe fianaise trí OOTS, go n-úsáidfidh na soláthraithe fianaise nó na hardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, seirbhísí feidhmchláir a bheidh in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) iarrataí ar fhianaise arna seachadadh ag Pointe Rochtana r-Sheachadta, a mheasfar mar ionchur i leith na seirbhísí sonraí, a fháil agus a léirmhíniú;

(b) faoi réir sainaithint agus fíordheimhniú rathúil i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo:

  (i) aon phíosaí fianaise a mheaitseálann an iarraidh a aisghabháil;

  (ii) seachas i gcás na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724, a chur ar a gcumas d'úsáideoirí a shonrú cé na píosaí fianaise sin ar mian leo réamhamharc a thabhairt orthu agus deis a thabhairt dóibh réamhamharc a thabhairt ar na píosaí a shonraítear amhlaidh i spás réamhamhairc;

  (iii) a chur ar a gcumas d'úsáideoirí a léiriú cé na píosaí meaitseáilte fianaise, más píosa ar bith, is ceart a chur ar ais chuig an iarrthóir fianaise lena n-úsáid sa nós imeachta;

(c) freagraí fianaise a chur ar ais chuig an iarrthóir fianaise trí Phointe Rochtana r-Sheachadta, faoi réir chinneadh an úsáideora an fhianaise a úsáid sa nós imeachta tar éis an deis a bheith ann réamhamharc a thabhairt uirthi, seachas i gcás na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724, tuairiscí earráide, lena n-áirítear sa chás dá dtagraítear in Airteagal 16(3), pointe (a), den Rialachán seo, nó tuairiscí maidir le fianaise atá á tiontú.

2. Má chuirtear ar ais freagra fianaise, beidh an fhianaise a iarradh san áireamh ann agus beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis:

(a) meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil an fhreagra fianaise;

(b) meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil an iarraidh ar fhianaise;

(c) meiteashonraí lena léirítear an dáta agus an t-am ar gineadh an freagra;

(d) meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil an fhianaise agus an soláthraí fianaise;

(e) i gcás nach gcomhlíonfaidh fianaise struchtúrtha samhail sonraí OOTS is ábhartha don chineál fianaise lena mbaineann, leagan den fhianaise atá inléite ag an duine.

3. D'fhéadfadh na meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil teanga nó teangacha na fianaise arna hiarraidh a bheith ina gcuid den fhreagra fianaise chomh maith.

4. Má chuirtear tuairisc earráide ar ais, áireofar inti meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil an iarraidh ar fhianaise, an dáta agus an t-am ar gineadh í agus tuairisc ar an earráid a tharla.

5. I gcás nach mbeidh fianaise ar fáil go fóill lena malartú trí OOTS ach ina bhfuil sí á tiontú ina fianaise struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1, pointe (16) agus pointe (17), cuirfear ar ais tuairisc mar a thagraítear di i mír 1, pointe (c) den Airteagal seo. Áireofar sa tuairisc sin meiteashonraí lena sainaithnítear go huathúil an iarraidh ar fhianaise, an dáta agus an t-am ar gineadh í agus teachtaireacht ina sonraítear go bhfuil an fhianaise lena mbaineann á tiontú ina fianaise struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1, pointí (16) agus pointe (17), agus go mbeidh sí réidh i gcomhair an tarchuir trí OOTS amach anseo. Áireoidh an soláthraí fianaise sa tuairisc an réamh-mheastachán ar an dáta agus an am a mbeidh an fhianaise ar fáil.

*Airteagal 16*

**Meaitseáil céannachta agus fianaise**

1. Féadfaidh soláthraithe fianaise nó ardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, a cheangal ar úsáideoirí sainaithint agus fíordheimhniú a dhéanamh athuair chun críche meaitseáil céannachta agus fianaise, lena n-áirítear trí shaintréithe breise a sholáthar.

2. Áiritheoidh soláthraithe fianaise, nó ardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, nach malartófar fianaise trí OOTS ach amháin i gcás ina mbeidh meaits ann idir na saintréithe atá ina seilbh agus saintréithe céannachta an úsáideora, agus an ionadaí i gcás inarb infheidhme, arna malartú agus úsáid á baint as na modhanna ríomh-shainaitheantais dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus as saintréithe breise mar a thagraítear dóibh in Airteagal 11(2), pointe (a) agus arna soláthar ag an úsáideoir éascaíocht a dhéanamh don tsainaithint arna déanamh ag an soláthraí fianaise ábhartha.

3. I gcás nach mbeidh meaits ina thoradh ar an bpróiseas meaitseála céannachta agus fianaise nó má ghintear dhá thoradh nó níos mó de bharr na meaitseála céannachta, ní cheadófar don úsáideoir ná don ionadaí, i gcás inarb infheidhme, réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise arna hiarraidh agus ní dhéanfar an fhianaise a mhalartú. Más rud é nach mbeidh meaits den sórt sin ann:

(a) seolfar teachtaireacht earráide chuig an iarrthóir fianaise;

(b) gheobhaidh an t-úsáideoir teachtaireacht uathoibrithe ina míneofar nach féidir an fhianaise a sholáthar.

ROINN 5

**CÓRAS LOGÁLA OOTS**

*Airteagal 17*

**Córas logála**

1. Maidir le gach iarraidh ar fhianaise a tharchuirtear trí OOTS, déanfaidh an t-iarrthóir fianaise, an soláthraí fianaise nó na soláthraithe fianaise nó an t-ardán idirmheánach nó na hardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, na heilimintí seo a leanas a logáil:

(a) an iarraidh ar fhianaise dá dtagraítear in Airteagal 13(1);

(b) an fhaisnéis atá san áireamh sa fhreagra fianaise, cé is moite den fhianaise féin, nó an tuairisc earráide dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (c), agus Airteagal 16(3), pointe (a);

(c) sonraí an teagmhais r-Sheachadta a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:

(i) iarrataí ar fhianaise a mhalartú;

(ii) freagraí fianaise;

(iii) tuairiscí earráide.

2. Maidir le gach píosa fianaise a mhalartaítear trí OOTS, déanfaidh an soláthraí fianaise nó an t-ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, logáil ar chinneadh an úsáideora tar éis réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise chun úsáid an phíosa fianaise don nós imeachta a fhormheas, nó gan an úsáid sin a fhormheas, nó, i gcás inarb infheidhme, ar an bhfíoras go bhfágfaidh an t-úsáideoir an spás réamhamhairc nó an tairseach nós imeachta gan cinneadh sonrach a dhéanamh.

3. Déanfaidh an Coimisiún agus, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (a), na Ballstáit ábhartha, gach idirghníomhaíocht leis na seirbhísí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a logáil.

4. Gan dochar do thréimhsí coinneála níos faide a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta i gcomhair na logaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 chun críocha OOTS nó chun críocha eile, coimeádfaidh an Coimisiún agus na hiarrthóirí fianaise, na soláthraithe fianaise nó na hardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, na logaí sin ar feadh tréimhse 12 mhí.

5. I gcás ina mbeidh amhras ann faoi theagmhais agus chun críocha iniúchtaí agus seiceálacha randamacha ar shlándáil arna ndéanamh laistigh dá réimsí freagrachta faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 26, cuirfidh na hiarrthóirí fianaise, na soláthraithe fianaise agus na hardáin idirmheánacha, i gcás inarb infheidhme, ar fáil dá chéile, arna iarraidh sin, na logaí ábhartha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo tríd an deais tacaíochta teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 22. Chun na gcríoch céanna agus ar an mbealach céanna, cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme, na logaí ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar fáil do na hiarrthóirí fianaise, na soláthraithe fianaise agus na hardáin idirmheánacha ábhartha, i gcás inarb infheidhme.

## ROINN 6

## **RIALACHAS OOTS**

### *Airteagal 18*

### **Grúpa comhordaithe an phointe rochtana**

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit faoi chuimsiú ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana arna bhunú le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1724, an méid seo a leanas:

(a) maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar sheoladh OOTS i gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán seo;

(b) tosaíochtaí a leagan síos i leith forbairtí agus feabhsuithe breise ar OOTS;

(c) sceideal táscach a chinneadh maidir leis na doiciméid dearaidh theicniúil a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta, agus iad a choinneáil ar bun agus a oiriúnú;

(d) athruithe ar na doiciméid dearaidh theicniúil a mholadh;

(e) athbhreithnithe piaraí a eagrú chun malartuithe taithí agus dea-chleachtais idir na Ballstáit a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag na Ballstáit;

(f) módúlachtaí oibríochtúla arna gcur isteach ag aon cheann de na foghrúpaí arna mbunú i gcomhréir le rialacha nós imeachta ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana a fhormheas nó a dhiúltú, agus, más gá, treoir shonrach a thabhairt agus a gcuid oibre a mhaoirsiú.

*Airteagal 19*

**Foghrúpaí de ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana**

1. Lena áirithiú go ndéanfar OOTS a fhorbairt agus a oibriú ar bhealach comhordaithe, déanfaidh na foghrúpaí dá dtagraítear in Airteagal 18, pointe (f) a phlé agus, i gcás inar gá, tarraingeoidh siad suas tograí i ndáil leis na módúlachtaí oibríochtúla atá le cur faoi bhráid ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana maidir leis na réimsí seo a leanas, go háirithe:

(a) caighdeánú ar shamhlacha sonraí OOTS;

(b) mapáil fianaise;

(c) na doiciméid dearaidh theicniúil a athbhreithniú, a choinneáil ar bun agus a léirmhíniú;

(d) rialachas oibríochtúil, go háirithe socruithe oibríochtúla agus comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse;

(e) slándáil OOTS, lena n-áirítear pleananna bainistíochta riosca a tharraingt suas chun rioscaí a shainaithint, measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus freagairtí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a phleanáil i gcás teagmhas;

(f) tástáil agus feidhmiú a dhéanamh ar chomhpháirteanna OOTS, lena n-áirítear idir-inoibritheacht idir comhpháirteanna náisiúnta OOTS dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (a) go (f) agus pointe (h), agus na seirbhísí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

Áireofar ar na módúlachtaí oibríochtúla na caighdeáin is gá don idir-inoibritheacht sna réimsí faoi seach de chuid na bhfoghrúpaí a tharraingt suas agus a mholadh, agus caighdeáin idirnáisiúnta á leanúint nuair is féidir sin. A luaithe a fhormheasfaidh grúpa comhordaithe an phointe rochtana iad, áireofar na caighdeáin sin i ndoiciméid dearaidh theicniúil.

2. Is de chomhthoil a ghlacfaidh na foghrúpaí a dtograí le haghaidh módúlachtaí oibríochtúla nuair is féidir é. I gcás ina ndealraíonn sé nach féidir teacht ar chomhthoil, féadfaidh an cathaoirleach a chinneadh, má fhaigheann sé tacaíocht ó thromlach simplí chomhaltaí an fhoghrúpa atá i láthair ag an gcruinniú, gur féidir togra ón bhfoghrúpa a chur faoi bhráid ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana.

ROINN 7

**TACAÍOCHT THEICNIÚIL**

*Airteagal 20*

**Pointe teagmhála aonair de chuid an Choimisiúin um thacaíocht theicniúil**

1. Ainmneoidh an Coimisiún pointe teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil lena n-áiritheofar oibriú agus cothabháil na seirbhísí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

2. Rachaidh an pointe teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil i gcomhairle le pointí teagmhála ábhartha eile de chuid an Choimisiúin agus déanfaidh sé comhordú ar réiteach fadhbanna le Pointí Rochtana r-Sheachadta nó le nóid eIDAS.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go n-eagrófar a phointe teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil ar bhealach lena gcuirfear ar a chumas dó a chúraimí a chomhlíonadh i ngach cúinse agus freagairt faoi ghearrfhógra.

*Airteagal 21*

**Pointe teagmhála aonair náisiúnta um thacaíocht theicniúil**

1. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil chun oibriú agus cothabháil chomhpháirteanna ábhartha OOTS a bhfuil siad freagrach astu a áirithiú de bhun Roinn 9.

2. Déanfaidh na pointí teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil an méid seo a leanas:

(a) saineolas agus comhairle a sholáthar do sholáthraithe fianaise agus d'iarrthóirí fianaise i leith na bhfadhbanna teicniúla go léir a thiocfaidh chun cinn maidir le hoibriú OOTS agus, i gcás inar gá, dul i gcomhairle le pointe teagmhála teicniúla an Choimisiúin agus le pointí teagmhála náisiúnta eile um thacaíocht theicniúil;

(b) aon agaí neamhfhónaimh a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás na bPointí Rochtana r-Sheachadta a fhiosrú agus a réiteach, mar aon le sáruithe slándála a d'fhéadfadh a bheith ann agus teagmhais eile;

(c) na pointí teagmhála um thacaíocht theicniúil a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a bhféadfadh sárú nó sárú amhrasach ar shlándáil na gcóras leictreonach a bheith ina thoradh orthu.

3. I gcás ina gcuirfidh soláthraí fianaise ar an eolas é faoi amhras maidir le dlíthiúlacht iarrata amháin nó roinnt iarrataí ar fhianaise, déanfaidh an pointe teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar iarrataí ar fhianaise nó ar shamplaí d'iarrataí ar fhianaise a tarchuireadh ón iarrthóir céanna ar fhianaise san am a chuaigh thart;

(b) an deais tacaíochta teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 22 a úsáid chun iarraidh ar an bpointe teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil arna ainmniú ag Ballstát an iarrthóra fianaise logaí de mhalartuithe roghnaithe dá dtagraítear in Airteagal 17 a tharchur;

(c) aird an chomhordaitheora náisiúnta a dhíriú ar an tsaincheist má leanann an fhadhb ar aghaidh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eagrófar a bpointe teagmhála aonair faoi seach um thacaíocht theicniúil ar bhealach lena gcuirfear ar a chumas dó a chúraimí a chomhlíonadh i ngach uile chúinse agus go mbeidh sé in ann freagairt faoi ghearrfhógra.

*Airteagal 22*

**An deais tacaíochta teicniúla**

1. Bunóidh an Coimisiún deais chun an chumarsáid idir na pointí teagmhála go léir um thacaíocht theicniúil a éascú.

2. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún taifead ar an deais ar shonraí teagmhála na bpointí teagmhála um thacaíocht theicniúil agus coinneoidh siad cothrom le dáta í.

3. Déanfaidh na pointí teagmhála an méid seo a leanas tríd an deais:

(a) aon teagmhas a thuairisciú ar ceann é a mheastar a bheith substaintiúil;

(b) aon bhearta sealadacha nó buana ar tugadh fúthu tar éis teagmhas;

(c) na logaí i dtaobh malartuithe roghnaithe a iarraidh ar na pointí teagmhála ábhartha um thacaíocht theicniúil sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 17(5) agus, i gcás ina mbeidh amhras ann, iarraidh orthu maidir le dlíthiúlacht na hiarrata ar fhianaise dá dtagraítear in Airteagal 21(3);

(d) aon chúnamh eile is gá a iarraidh i gcás teagmhas.

4. Beidh rochtain ar an deais ag comhordaitheoirí náisiúnta agus ag cathaoirleach ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana.

5. Bainfidh an Coimisiún agus na comhordaitheoirí náisiúnta úsáid as an deais chun faisnéis a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 27 agus in Airteagal 28(2).

ROINN 8

**COMHAR LE STRUCHTÚIR RIALACHAIS EILE**

*Airteagal 23*

**Raon feidhme an chomhair**

Oibreoidh an Coimisiún, in éineacht le grúpa comhordaithe an phointe rochtana agus a fhoghrúpaí, i gcomhar leis na struchtúir rialachais ábhartha arna mbunú faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta i réimsí is ábhartha do OOTS chun sineirgí a bhaint amach agus chun na réitigh arna bhforbairt sna fóraim eile sin a athúsáid, a mhéid is féidir.

ROINN 9

**FREAGRACHT AS COMHPHÁIRTEANNA DEN OOTS A CHOTHABHÁIL AGUS A OIBRIÚ**

*Airteagal 24*

**Freagrachtaí an Choimisiúin**

Is faoi úinéireacht an Choimisiúin a bheidh na seirbhísí coiteanna agus an deais tacaíochta teicniúla agus beidh sé freagrach as na seirbhísí sin a fhorbairt, a chur ar fáil, as faireachán a dhéanamh orthu, agus as iad a nuashonrú, a chothabháil agus a óstáil.

*Airteagal 25*

**Freagrachtaí na mBallstát**

Maidir leis na comhpháirteanna náisiúnta faoi seach de OOTS dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (a) go (f) agus pointe (h), measfar go mbeidh gach comhpháirt faoi úinéireacht Ballstáit faoi seach agus gurb é an Ballstát sin a bheidh freagrach as í a bhunú, i gcás inarb infheidhme, agus as í a fhorbairt, a chur ar fáil, as faireachán a dhéanamh uirthi, agus as í a nuashonrú, a chothabháil agus a óstáil.

*Airteagal 26*

**Athruithe agus nuashonruithe**

1. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi athruithe ar na seirbhísí coiteanna agus faoi nuashonruithe orthu.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le hathruithe agus nuashonruithe ar na comhpháirteanna a bhfuil siad freagracht astu ar cinn iad a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu i dtaobh fheidhmiú OOTS.

3. Cuirfear faisnéis maidir le nuashonruithe criticiúla ar fáil gan moill mhíchuí. I gcás nuashonruithe eile ar cinn neamhchriticiúla iad agus ar dócha go ndéanfaidís difear do chomhpháirteanna OOTS atá faoi úinéireacht Ballstát eile nó na seirbhísí coiteanna, cinnfidh grúpa comhordaithe an phointe rochtana an tréimhse feithimh ar bhonn togra ón bhfoghrúpa ábhartha.

*Airteagal 27*

**Infhaighteacht OOTS**

1. Is éard a bheidh i dtréimhse ama oibriúcháin OOTS 24 uair an chloig sa lá/7 lá na seachtaine, agus is é 98 % ar a laghad an ráta infhaighteachta a bheidh ann i dtaobh na bpointí rochtana r-Sheachadta, na spásanna réamhamhairc agus na seirbhísí coiteanna, cé is moite de chothabháil arna cur ar an sceideal i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Déanfar spriocanna leibhéil seirbhíse chomhpháirteanna eile OOTS a shonrú sna comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 19(1).

2. Tabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún fógra faoi na gníomhaíochtaí cothabhála sceidealta a bhaineann le comhpháirteanna ábhartha OOTS mar a leanas:

(a) 5 lá oibre roimh ré i leith oibríochtaí cothabhála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tréimhse neamh-infhaighteachta suas le 4 uair an chloig;

(b) 10 lá oibre roimh ré i leith oibríochtaí cothabhála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tréimhse neamh-infhaighteachta suas le 12 uair an chloig;

(c) 30 lá oibre roimh ré i leith cothabháil ar sheomra bonneagair na ríomhairí, cothabháil a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le tréimhse neamh-infhaighteachta suas le 6 lá in aghaidh na bliana.

A mhéid is féidir, déanfar oibríochtaí cothabhála a phleanáil ionas gur lasmuigh d'uaireanta oibre a bheidh siad.

3. I gcás ina mbeidh tréimhsí seirbhíse socraithe seachtainiúla ag na Ballstáit, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin am agus faoin lá a mbeidh na tréimhsí socraithe seachtainiúla sin pleanáilte ina leith. Gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2, pointí (a), (b) agus (c), mura mbíonn córais na mBallstát ar fáil le linn fuinneog shocraithe den sórt sin, díolmhófar na Ballstáit ón oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún gach uair.

4. I gcás cliseadh teicniúil gan choinne ar chomhpháirteanna OOTS de chuid na mBallstát, cuirfidh an Ballstát ábhartha na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill maidir lena neamh-infhaighteacht agus, más eol sin dó, maidir leis an tráth a réamh-mheastar a mbeidh na comhpháirteanna ag feidhmiú arís.

5. I gcás ina gclisfidh ar na seirbhísí coiteanna gan choinne, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas gan mhoill maidir le neamh-infhaighteacht seirbhíse coitinne amháin nó níos mó, agus más eol sin dó, maidir leis an tráth a réamh-mheastar a mbeidh an tseirbhís ag feidhmiú arís.

6. Déanfar na fógraí dá dtagraítear san Airteagal seo tríd an deais tacaíochta teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 22.

ROINN 10

**SLÁNDÁIL**

*Airteagal 28*

**Slándáil seirbhísí coiteanna agus comhpháirteanna náisiúnta**

1. Áiritheoidh an Coimisiún slándáil na seirbhísí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus na n-eilimintí comhtháthaithe agus na gcomhéadan dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (h), a bhfuil sé freagrach astu.

2. Áiritheoidh na Ballstáit slándáil chomhpháirteanna náisiúnta OOTS agus na n-eilimintí comhtháthaithe agus na gcomhéadan dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (h), a bhfuil siad freagrach astu.

3. Chun na gcríoch dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, ar a laghad, agus i leith na comhpháirte as a bhfuil siad freagrach faoi seach, na bearta is gá a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a chosc ar aon duine neamhúdaraithe rochtain a bheith aige nó aici ar chomhpháirteanna a bhfuil siad freagrach astu;

(b) a chosc ar dhaoine neamhúdaraithe sonraí a iontráil agus aon sonraí a cheadú, a mhodhnú nó a scriosadh;

(c) aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a bhrath; agus

(d) logáil imeachtaí slándála a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin slándála idirnáisiúnta aitheanta le haghaidh theicneolaíocht na faisnéise.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, go háirithe:

(a) i gcás na nasc arna n-oibriú acu isteach sna Pointí Rochtana r-Sheachadta agus amach astu agus i gcás na cumarsáide inmheánaí uile idir údaráis náisiúnta éagsúla, go gcomhlíonfaidh siad an leibhéal céanna ceanglas slándála ar a laghad agus a chomhlíonfaidh an ríomhsheirbhís seachadta r-Sheachadta chun slándáil agus rúndacht an mhalartaithe agus sláine na fianaise arna malartú trí OOTS a chosaint;

(b) neamhshéanadh maidir le tionscnamh na hiarrata ar fhianaise arna tarchur ó phointe rochtana an iarrthóra fianaise, agus maidir leis an bhfreagra fianaise arna mhalartú nó an teachtaireacht earráide arna tarchur ó phointe rochtana an tsoláthraí fianaise.

5. I gcomhréir le mír 4, is é Ballstát an tsoláthraí fianaise a bheidh freagrach, in aon mhalartú áirithe fianaise, as cáilíocht, rúndacht, sláine agus infhaighteacht na fianaise arna hiarraidh go dtí go sroichfidh sí Pointe Rochtana r-Sheachadta an iarrthóra fianaise nó ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme. Is é Ballstát an iarrthóra fianaise a bheidh freagrach, in aon mhalartú áirithe fianaise, as rúndacht agus sláine na fianaise arna hiarraidh a luaithe a shroichfidh sí a Pointe Rochtana r-Sheachadta.

6. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún rúndacht, sláine agus infhaighteacht na logaí dá dtagraítear in Airteagal 17(1), (2) agus (3) trí bhearta slándála iomchuí, comhréireacha, i gcás na logaí arna dtaifead acu faoi seach.

*Airteagal 29*

**Faireachán ar na córais leictreonacha**

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún seiceálacha tráthrialta ar chomhpháirteanna OOTS a bhfuil siad freagrach astu.

2. I gcás na bpointí teagmhála aonair um thacaíocht theicniúil dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 21, úsáidfidh siad an deais tacaíochta teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 22 chun a chéile a chur ar an eolas faoi fhadhbanna a aimsítear le linn na seiceálacha, ar fadhbanna iad a bhféadfadh sárú nó sárú amhrasach ar shlándáil OOTS a bheith ina thoradh orthu.

*Airteagal 30*

**Córas bainistíochta riaracháin**

Bunóidh an Coimisiún córas bainistíochta riaracháin chun bainistiú a dhéanamh ar na rialacha fíordheimhnithe agus údaraithe chun na sonraí sainaitheantais a bhailíochtú chun críocha rochtain a cheadú ar na seirbhísí coiteanna agus ar an deais tacaíochta teicniúla.

ROINN 11

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 31*

**OOTS a thástáil**

1. Glacfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, faoi chuimsiú ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana, sceideal tástála agus tacar táscairí ar i gcomhréir leo is féidir torthaí tástála a thomhas agus a mheas gur torthaí deimhneacha iad.

2. Soláthróidh an Coimisiún seirbhísí tástála ar féidir leis na Ballstáit iad a úsáid chun tástáil a dhéanamh ar chomhréireacht réiteach teicniúil leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún tástáil ar fheidhmiú gach ceann de chomhpháirteanna OOTS agus fíoróidh siad gur féidir leo feidhmiú go cuí i gcomhréir leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1. Ní chuirfear ar fáil d'úsáideoirí ach na comhpháirteanna sin de chuid OOTS a mbeidh torthaí deimhneacha ar na tástálacha ina leith.

*Airteagal 32*

**Cúnamh ón gCoimisiún**

Soláthróidh an Coimisiún foireann saineolaithe mar chuid de phointe teagmhála an Choimisiúin um thacaíocht theicniúil chun cúnamh a thabhairt do phointí teagmhála náisiúnta um thacaíocht theicniúil, agus do chomhordaitheoirí náisiúnta, ó thaobh na teicneolaíochta de, maidir le gach gné a bhaineann le feidhmiú OOTS, go háirithe:

(a) treoirlínte a sholáthar;

(b) ceardlanna agus taispeántais a eagrú;

(c) ceisteanna aonair a fhreagairt.

*Airteagal 33*

**Sonraí pearsanta a phróiseáil**

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta atá san fhianaise atá faoi réir a malartaithe trí OOTS agus a tharlaíonn sna comhpháirteanna de OOTS atá faoina n-úinéireacht de bhun Airteagal 25 den Rialachán seo, gníomhóidh údaráis inniúla na mBallstát faoi seach, ina gcáil mar iarrthóir fianaise nó mar sholáthraí fianaise, mar rialaitheoirí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe 7, de Rialachán (AE) 2016/679 agus mar a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 34 agus 35 den Rialachán seo.

*Airteagal 34*

**Freagrachtaí an iarrthóra fianaise mar rialaitheoir sonraí**

1. Maidir le gach malartú fianaise trí OOTS, is é an t-iarrthóir fianaise ábhartha amháin nó an t-ardán idirmheánach ábhartha amháin, i gcás inarb infheidhme, a bheidh freagrach as iomláine agus dlíthiúlacht na hiarrata ar fhianaise. Áiritheoidh an t-iarrthóir fianaise, go háirithe, go gceanglaítear an fhianaise le haghaidh an nós imeachta áirithe dá n-iarrfaidh an t-úsáideoir í.

2. A luaithe a bheidh an fhianaise arna malartú trí OOTS ar fáil don iarrthóir fianaise nó don ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, tar éis don úsáideoir an rogha a dhéanamh dul ar aghaidh leis an malartú fianaise i gcomhréir le hAirteagal 14(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2018/1724, nó i gcás na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2018/1724, áiritheoidh an t-iarrthóir fianaise nó an t-ardán idirmheánach, i gcás inarb infheidhme, an leibhéal céanna cosanta do shonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus a bheadh ann i gcás ina ndéanfaidh an t-úsáideoir an fhianaise a chur isteach nó a uaslódáil gan dul ar iontaoibh OOTS.

*Airteagal 35*

**Freagrachtaí an tsoláthraí fianaise mar rialaitheoir sonraí**

1. Gan dochar dá n-oibleagáidí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679, i gcás gach malartaithe fianaise trí OOTS, is é an soláthraí fianaise ábhartha amháin nó an t-ardán idirmheánach ábhartha amháin, i gcás inarb infheidhme, a bheidh freagrach as fíorú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(a) gur féidir an fhianaise arna hiarraidh agus atá ina sheilbh a mheaitseáil leis an úsáideoir i gcomhréir le hAirteagal 16;

(b) go bhfuil an t-úsáideoir i dteideal an fhianaise arna hiarraidh a úsáid.

2. I gcás ina soláthróidh ardán idirmheánach an spás réamhamhairc i gcomhréir le hAirteagal 15(1), pointe (b)(ii), den Rialachán seo, measfar gur próiseálaí é atá ag gníomhú thar ceann an tsoláthraí fianaise i gcomhréir le hAirteagal 4(8) de Rialachán (AE) 2016/679.

*Airteagal 36*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN